Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0151(COD)**

**14325/19**
**ADD 1**

**RECH 502**
**COMPET 756**
**EDUC 458**
**CODEC 1679**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14023/1/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11228/19+ADD1 |
| Ábhar: | An Rialachán maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)<br>*Cur chuige ginearálta páirteach*<br>*Ráitis ó thoscaireacht na hOstaire agus ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na hUngáire, na Liotuáine agus na Polainne* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí na ráitis thuasluaite san iarscríbhinn seo a ghabhann le miontuairiscí na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**An Chomhairle Iomaíochais, 29 Samhain 2019**

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), Cur Chuige Ginearálta**

**Ráiteas ó thoscaireacht na hOstaire**

Is díol sásaimh don Ostair an comhaontú i ndáil leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT). Mar sin féin, i bhfianaise na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair maidir leis an gClár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht (COSN) do EIT, ba mhian leis an Ostair a chur in iúl go láidir an tuiscint atá aici ar dhá ghné thábhachtach den Rialachán seo:

Luaitear in Airteagal 6 (b) go n-áiritheoidh EIT oscailteacht d'eagraíochtaí comhpháirtíochta nua ionchasacha agus go ndéanfaidh sé feasacht a ardú ina measc, agus go spreagfaidh sé iad ionas go nglacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí EIT ar fud an Aontais, lena n-áirítear tríd an Scéim Nuálaíochta Réigiúnach (RIS). Is é is mian leis an Ostair a thabhairt chun suntais gurb é an chiall atá le "ar fud an Aontais" sa chomhthéacs sin ná go gcaithfear go cothrom, i ndáil leis an tacaíocht ó RIS, le gach réigiún ina bhfuil rannpháirtíocht íseal i ngníomhaíochtaí EIT.

In Airteagal 4a (5) den Chinneadh maidir leis an gclár sonrach a bhunú lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach (i leagan den chur chuige ginearálta ar ar aontaíodh ar an 15 Aibreán 2019) luaitear go gcomhlánófar an próiseas pleanála straitéisí le próiseas comhordaithe straitéisigh do Chomhpháirtíochtaí Eorpacha; agus de réir Airteagal 8 den Rialachán lena mbunaítear Fís Eorpach (sa leagan den chomhthuiscint ar ar aontaíodh ar an 27 Márta 2019), is ionann PENanna de chuid EIT agus Comhpháirtíochtaí Eorpacha. Ciallaíonn sé sin nach mór go n-áireofar PENanna de chuid EIT sa phróiseas comhordaithe straitéisigh. Dá bhrí sin, is é an tuiscint atá ag an Ostair ar Airteagal 4(2) de Rialachán EIT ná go n-áirítear, freisin, an próiseas comhordaithe straitéisigh do Chomhpháirtíochtaí Eorpacha sa tagairt sin don phróiseas pleanála straitéisí, agus nach mór, dá bhrí sin, an próiseas comhordaithe straitéisigh a chur san áireamh sa Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht le haghaidh EIT.

**Ráiteas ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na hUngáire, na Liotuáine agus na Polainne maidir le scéim RIS de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht don Chomhairle Iomaíochais ar an 29 Samhain 2019**

Is díol sásaimh dúinn an togra ón Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) a chuirfidh le spriocanna Fís Eorpach trí thriantán an eolais a chomhtháthú.

Aithnímid an dul chun cinn a rinneadh le linn na caibidlíochta maidir le pacáiste reachtach EIT agus go háirithe na hiarrachtaí a rinneadh chun oscailteacht agus trédhearcacht EIT a mhéadú.

Mar sin féin, is cúis imní dúinn raon feidhme leathnaithe an tsainmhíniúcháin ar an Scéim Nuálaíochta Réigiúnach (RIS). Déanann an togra atá ann faoi láthair tagairt d'incháilitheacht na dtíortha, ach ní chuireann sé aon ní in iúl maidir lena bhfeidhmíocht nuálaíochta. Ina theannta sin, leis an mbuiséad atá beartaithe do scéim RIS, ar 10-12 % de bhuiséad iomlán EIT é do PENanna, cuirtear cosc freisin ar raon feidhme RIS a leathnú.

Cuirimid i bhfios go láidir **gur réamhchoinníoll d'éifeachtacht RIS é an fócas ar réigiúin sna tíortha atá ina nuálaithe measartha**. Ba cheart acmhainneacht nuálaíochta na réigiún lasmuigh de na tíortha sin a chothú trí bhearta eile a d'fhéadfaí a fhorbairt sa Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht (COSN) de chuid EIT.

Ós rud é go bhfuil gníomhartha dlí phacáiste reachtach EIT idirnasctha go dlúth lena chéile, forchoimeádaimid an ceart filleadh ar an gcaibidlíocht maidir leis an rialachán i gcás nach léireofar an treo, a cuireadh i láthair sa tuarascáil ar dhul chun cinn, le forbairt COSN.

Iarraimid ar an Uachtaránacht, ar an gCoimisiún Eorpach, ar na Ballstáit agus ar Pharlaimint na hEorpa aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.